# Cuairt ar An Riasc




D'ainm féin ______________________ Cén t-aos tú? __________

## Réamhobair ar scoil, ag baile nó i Músaem Chorca Dhuibhne

1. An bhfuil brí na bhfocal seo agat? Gheobhair cuid acu sa mhúsaem.

| | | | |
|---|---|---|---|
| logainm | clochán | ab | crosleac |
| greanta | iarsma | láthair eaglasta | caomhnú |
| ceallúnach | riasc | áitritheoir | falla cosanta |
| aireagal | gallán | tochailt | áitreabh |



Naomh Pádraig


2. Cathain a tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn? Cén tréimhse í tréimhse na Luath-Chríostaíochta?

______________________________

3. Ainmnigh dhá cheann de na slite beatha nó na ceirdeanna a bhí ag na daoine a bhí ina gcónaí sa Riasc:

______________ ______________

(Gheobhair an t-eolas seo ó iarsmaí atá ar taispeáint sa mhúsaem)



4. Cén bréagán do leanaí a aimsíodh sa cheallúnach sa Riasc?

______________________________

5. Aimsíodh píosa potaireachta ón Meánmhuir sa Riasc. Cad is dóigh leat a bhí sna potaí sin nuair a tháinig siad go hÉirinn don gcéad uair?

______________________________




6. Ainmnigh dhá láthair eaglasta eile i gCorca Dhuibhne:

______________ ______________

Músaem Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Teil: +353 (0) 66-915 6333 Facs: +353 (0)66-9156348
Suíomh Idirlín: www.cfcd.ie

SUPPORTED BY THE HERITAGE COUNCIL
LE CUIDIÚ AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA

# Turas ar an Riasc

**1.** Cén t-ainm atá ar an mbaile fearainn ina bhfuil tú? (Paiste talún ar a raibh nó a bhfuil cúpla tigh cónaithe is ea baile fearainn.)

______________________________________________

**2.** Cad is brí leis an bhfocal 'riasc'?

______________________________________________

**3.** Dein cruth an fhalla chosanta a tharrac.
Cén cruth is mó atá ann – ubhchruthach? Dronuilleogach? Ciorclach? Cearnógach?

**4.** Conas a tógadh an falla cosanta?

______________________

______________________


______________________

**5.** Cén leithead atá ann?

| 50cm | 1m | 3m | 10m |
|---|---|---|---|
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**6.** Cad a thugtar ar an gcloch ard atá ina seasamh laistigh den fhalla? ______________

**7.** Dein a bhfuil le feiscint agat ar an gcloch a tharrac. Cad atá le feiscint uirthi?



**8.** Cén sórt croise í seo? ______________________

**9.** Cad iad na litreacha atá greanta uirthi? ______________________
(Fiafraigh de do mhúnteoir cad is brí leo).

**10.** Cén chloch atá sa chrosleac? ______________________

**11.** Cén sórt croise í cros Laidine? ______________________

Dein sceits de gach aon chros ar an láthair sula bhfágann tú í.

12. Cathain a tógadh an láthair seo? ______________________________


13. Cén chuid den láthair is túisce a tógadh? Cén chuid den láthair is déanaí a tógadh?

______________________________

14. Láthair eaglasta í seo? Cá bhfios sin? ______________________________

15. Cén treo atá san aireagal?

| soir-siar | ✓ | thuaidh-theas | ✓ |
|---|---|---|---|



16. Cén rud a bhfuil déanamh uimhir a hocht air? ______________________________

17. Cé atá curtha sa cheallúnach? ______________________________

18. Cad a tharla sa láthair seo idir 1972 agus 1975? ______________________________


19. Cé a thugann aire don láthair seo anois? ______________________________

20. Tá plean don Riasc agat. Dein na foirgintí/na codanna ó 1-9 a chur isteach ann.

1. ____________ 2. ____________ 3. ____________

4. ____________ 5. ____________ 6. ____________


7. ____________ 8. ____________ 9. ____________



# Tar éis filleadh ar an scoil

**1.** Dein léarscáil nó macasamhail (= *model*) den Riasc agus cuir an falla cosanta, na clocháin, an chrosleac agus an ceallúnach ann.

**2.** Tusa an t-ab ar an láthair eaglasta. Dein amach liosta rialacha do na háitritheoirí.




**3.** Dein beagán taighde ar an mbia a bhíodh á ithe ag na háitritheoirí anseo nó na héadaí a bhíodh á gcaitheamh acu.

**4.** Dheinis sceitseanna des na crosleaca a chonac tú. Cé acu ceann ab fhearr leat féin? Cad ina thaobh sin?



**5.** Dein comparáid idir an áit chónaithe seo agus áiteanna cónaithe atá ag daoine sa cheantar seo anois. Cén difríocht is mó idir an dá cheann?

**6.** Cén t-ainm atá ar an mbaile fearainn ina bhfuil tú féin id chónaí?

**7.** Cén t-ainm atá ar an mbaile fearainn ina bhfuil do scoil lonnaithe?